Juvenes Translatores 2024

PDF generated for translation No.: 1140 from student id: 18728 [en - ga]

Your translation [Gaeilge]

STOP SULA BPÓSTALANN TÚ

-Haigh a Dhaideo. Bhí tú ar m'aigne ar scoil inniu.

-Ní raibh muis! Cén fáth?

-Bhí ceacht againn faoi shaoránacht dhigiteach- tá a fhios agat féin, cén chaoi ar cheart tú féin a iompar ar líne, sábháilteacht ar líne agus an chraic sin uilig. Sin rud a bhíonn ag cur imní ar an AE, agus labhair muid faoin sceamáil seo a bhíonn ar bun go minic, dírithe ar sheandaoine go háirithe.

-Seachain tú féin tusa! Ní thagann ciall roimh aois. Tá mé breá in ann mé féin a chosaint ar líne bíodh a fhios agat. Tá mise thart le fada- níor rugadh inniu ná inné mé.

-Mar sin céard faoin uair sin a chuaigh tú ag an Spáinn agus chroch tú do chuid pictiúir uilig ar Facebook leis an stádas 'Saoire seachtaine i Benidorm!'? Nach raibh sé chomh maith agat fógra a chuir sa bpáipéar ag fógairt 'Níl mé thart! Tagaigí agus goidigí gach a bhfuil agam!'

-Sea, bhuel tá an cheart ansin agat is dóigh, agus bhain mé anuas an stádas sin chomh luath agus a thug tú rabhadh dom faoi. Mar sin féin, ní hiad na seanchiarogaí amháin a bhíonn amaideach ar líne. Bhí mé ag léamh alt faoi leaid óg beagán níos sine ná tusa a chuaigh amach Sathairn amhain le roinnt cairde. Thóg sé féiníní agus é caochta agus chroch sé ar a phróifil iad. Ní bheadh aon chuimhne aige ar na pictiúir sin, mura gcuirfeadh agallóir ceist air faoi nuair a bhí sé ag cuardach poist blianta ina dhiaidh sin...

-A mhac go deo! Bheinnse trína chéile dá dtarlódh sé sin dom. Ach tá mé cinnte dearfa go raibh corruair ann a bhí craic damanta agat féin fadó.

-Ná bac leis sin tusa! Fiú má bhí, ar a laghad níl fianaise in aon áit a bhuailfidh ar an mullach mé lá breá éigin...

-Is fíor duit, is dóigh. Déantar dearmad go minic nuair a chrochann tú pictiúr, go mbeidh sé ann go deo. Má bhaineann tú greim as duine ar líne agus tú ar buille, mar shampla. Ní féidir dul siar ar d'fhocal nuair atá sé ró-dheireanach.

-Nach cuma sa diabhal faoi sin, is mór an chabhair iad na scileanna digiteacha sin a mhúin tú dom, go háirithe anois nach bhfuil an bheocht chéanna ionam i gcónaí. Tá mé in ann teagmháil a dhéanamh le mo mhéiteanna uilig, mar glacaim páirt i gclub leabhair ar líne. Faighim na tuairiscí is deireanaí ar an gcruicéad, agus fiú d'aimsigh mé an aip seo a mhúineann Spáinnis dom! Iontas na n-iontais! Níl uait ach do chloigeann a choinneáil agus smaoinigh-mura ndeirfeá rud le duine sa bhfíorsaol, b'fhearr i bhfad do chlab a choinneáil dúnta ar líne!

Juvenes Translatores 2024

PDF generated for translation No.: 1140 from student id: 18728 [en - ga]

Text to translate [English]

PAUSE BEFORE YOU POST

- Hello, Grandpa. I was thinking about you at school today.

- Really? How come?

- We had a lesson about digital citizenship – you know, how to behave online, keeping safe on the internet and stuff, because that's something the EU's concerned about, and we talked about how there are lots of scams out there targeting old people in particular…

- Excuse me! A little less of the 'old', if you don't mind. And I'm perfectly able to protect myself online, you know. I've been around for a while – I didn't come down in the last shower.

- So what about that time when you went to Spain and put all your holiday snaps up on Facebook with the status 'Away for a week in Benidorm!'? You might as well have taken out an advert in the paper saying 'I'm not home! Come and burgle my house!'.

- Yes, well, I'll give you that, and I did take that status down as soon as you pulled me up on it. But it's not as if we oldies are the only ones behaving foolishly online. I was reading this article about a young lad a bit older than you who went out on a bender one Saturday night with some of his mates, took some drunken selfies and uploaded them to his profile. The unflattering images might never have crossed his mind again had an interviewer not brought them up when he was applying for his first teaching job several years later…

- Awkward! I'd be mortified if that happened to me. But I bet you had the odd raucous night out back in the day.

- That's for me to know and for you to find out! But, even if I did, at least there's no photographic evidence floating around in the cloud to give the game away…

- That's true, I guess. People often forget that once they upload a photo or post something online it's out there for good. Like if you insult someone online in the heat of the moment. Once it's out there it's very difficult to get it back in the box.

- Be that as it may, those digital skills you so patiently taught me have been an absolute lifeline, especially now I'm not nearly as mobile as I used to be. I can keep in touch with all my pals, I've joined an online book club, I get updates on the cricket in real time, and I've even found this app that's teaching me Spanish! The wonders of the modern world! You just need to keep your wits about you and remember – if you wouldn't say something to someone's face or publish it in the newspaper, it's probably best not to blab about it online!